



An Bhruiséil, 23 Nollaig 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0154(COD)

15244/1/19
REV 1

ASIM 152
CODEC 1795
JAI 1333
STATIS 81

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta = Comhaontú polaitiúil

1. Ar an 16 Bealtaine, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta.
2. D'fhoneann an plé a chur chun cinn, sheol Uachtaránacht inteachta na hOstaire comhairliúcháin i scríbhinn leis na toscaireachtaí maidir leis an togra. Cuireadh barúlacha na dtoscaireachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin sin san áireamh agus an togra comhréitigh ón Uachtaránacht á ullmhú, agus rinneadh plé air ag cruinnithe de Mheitheal na Comhairle um Staidreamh (CWPS) an 11 Iúil, an 3 Meán Fómhair agus an 26 Meán Fómhair 2018.

3. Rinneadh togra comhréitigh athbhreithnithe ón Uachtaránacht, ina raibh cúpla leasú a moladh ag an gcruinniú a bhí ag Meitheal na Comhairle um Staidreamh ar an 26 Meán Fómhair 2018 a fhorhuiniú ar an 18 Deireadh Fómhair 2018 trí nós imeachta an tosta. Ar an 31 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Coreper an sainordú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht idirinstiúideach ar an Rialachán athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce.
4. Reáchtáladh an chéad chruinniú tríthaobhach polaitiúil chomh maith leis an gcéad chruinniú teicniúil faoi Uachtaránacht na hOstaire i mí na Nollag 2018 agus lean Uachtaránacht na Rómáine ar aghaidh le diansceideal cruinnithe polaitiúla agus teicniúla leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún. Cuireadh bailchríoch ar an Rialachán athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce ag cruinniú teicniúil an 25 Eanáir 2018, agus formhuiníodh go sealadach é ag an gcruinniú tríthaobhach polaitiúil ina dhiaidh sin a reáchtáladh ar an 31 Eanáir 2019.
5. Mar sin féin, ní bhfuair an comhréiteach thuasluaite dóthain tacaíochta ó na toscaireachtaí. Dá bhrí sin, ar bhonn an dul chun cinn a rinneadh, lean Uachtaránacht na Rómáine leis na pléití d'fhonn teacht ar chomhréiteach a mbeadh glacadh ag tromlach na mBallstát leis.
6. Ar an 16 Aibreán 2019, ar bhonn thuarascáil LIBE, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce.
7. Lean Uachtaránacht na Fionlainne le hiarrachtaí Uachtaránacht na Rómáine trí thuilleadh plé a dhéanamh ar an Rialachán athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce ag na cruinnithe a bhí ag Meitheal na Comhairle um Staidreamh ar an 26 Meán Fómhair agus ar an 31 Deireadh Fómhair 2019. Ag cruinniú Coreper an 20 Samhain 2019, thacaigh na toscaireachtaí i gcoitinne leis an dara togra comhréitigh a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fionlainne, a leagtar amach in 13450/19.

8. Cuireadh an togra comhréitigh thuasluaite i láthair ag an gcrúinniú tríthaobhach polaitiúil ar an 28 Samhain 2019 agus formhuiníodh go sealadach é tar éis athrú a dhéanamh ar aithris 11.
9. Ar an 28 Samhain 2019, cuireadh an comhréiteach thuasluaite, atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach, a leagtar amach in 13193/19, faoi bhráid Mheitheal na Comhairle um Staidreamh agus thacaigh tromlach mór na dtoscaireachtaí leis. Ar an 4 Nollaig 2019, dhaingnigh Coreper an comhaontú ar thángthas air maidir leis an Rialachán maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce, atá in 13193/19.
10. Ag an gcrúinniú a bhí aige ar an 9 Nollaig 2019, vótáil Coiste LIBE de Pharlaimint na hEorpa ar an téacs a comhaontaíodh ag an gcrúinniú tríthaobhach. Ina dhiaidh sin, fuair an Cathaoirleach ar Choiste na mBuanionadaithe litir ó Chathaoirleach Choiste LIBE inar léiríodh go molfadh sé don Choiste sin agus don Seisiún Iomlánach, agus faoi réir athbhreithniú ó na dlítheangeolaithe, an comhaontú ar thángthas air sa chruinniú trípháirteach a fhorghas gan aon leasuithe a dhéanamh air, agus ina bhfuil téacs an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce (doic 15174/2/19 REV 2).
11. Is ionann an téacs comhréitigh a thíolaic Parlaimint na hEorpa agus an téacs comhréitigh a cuireadh ar fáil do Bhuanchoiste na nIonadaithe ar an 4 Nollaig 2019 i bhfoirm 13193/19. Cuirtear an leagan glan den téacs comhréitigh, a thíolaic Parlaimint na hEorpa, ar fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.
12. **Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle comhaontú polaitiúil faoi théacs an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Staidreamh i ndáil le hImirce a ghlacadh, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.**

PE-CONS Uimh./BB - 2018/0154 (COD)

**RIALACHÁN (AE) 2019/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1)
de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach¹,

¹ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh
ón gComhairle an ...

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² creat comhchoiteann, inchomparáide dlí le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta.
- (2) Chun freagairt ar riachtanais nua laistigh den Aontas le haghaidh staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta, agus ós rud é go bhféadfaidh tréithe na himirce athrú go tapa, teastaíonn creat lenar féidir freagairt go tapa ar riachtanais athraitheacha i ndáil le staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta.
- (3) Chun tacú leis an Aontas freagairt go héifeachtach ar na dúshláin a ghabhann leis an imirce agus beartais a fhorbairt a bheidh bunaithe ar chearta an duine, tá gá le sonraí ar mhinicíocht fhobhlíantúil i ndáil le tearmann agus imirce bhainistithe.

² Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

- (4) Tá staidreamh maidir le tearmann agus imirce bhainistithe ríthábhachtach chun staidéar agus meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan beartas agus chun na beartais sin a cheapadh, go háirithe maidir le freagairtí ar theacht daoine a bhfuil cosaint san Eoraip á lorg acu, agus é mar aidhm leis sin na beartais is fearr a shainiú agus a chur i bhfeidhm.
- (5) Tá staidreamh maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta bunriachtanach chun forléargas a fháil ar ghluaiseachtaí imirce san Aontas agus ionas go mbeidh na Ballstáit in ann dlí an Aontais a chur i bhfeidhm mar is cuí i gcomhréir leis na cearta bunúsacha mar a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiúin chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.
- (6) Chun cáilíocht na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil, ó thaobh inchomparáideachta de go háirithe, a áirithiú, agus chun forbhreathnú iontaofa a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais, ba cheart na sonraí a úsáidtear a bheith bunaithe ar na coincheapa céanna, agus ba cheart iad a bheith ag tagairt don dáta tagartha céanna nó don tréimhse thagartha chéanna.

- (7) Ba cheart sonraí arna gcur ar fáil maidir le tearmann agus imirce bhainistithe a bheith comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ábhartha arna bailiú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007.
- (8) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ tugtar creat tagartha le haghaidh staidreamh Eorpach maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta. Leis an Rialachán sin, ceanglaítear go háirithe go gcomhlíonfar prionsabail an neamhspleáchais ghairmiúil, na neamhchlaontachta, na hoibiachtúlachta, na hiontaofachta, na rúndachta staidrimh agus na costéifeachtachta.
- (9) Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an táirgthe staidrimh, ba cheart d'Údaráis Staidrimh Náisiúnta an ceart a bheith acu rochtain a fháil ar gach taifead riaracháin agus iad a úsáid, go pras agus saor in aisce, agus na taifid riaracháin sin a chomhtháthú le staidrimh, a mhéid is gá d'fhorbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh Eorpaigh, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

³ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

- (10) Agus staidreamh Eorpach á fhorbairt, á tháirgeadh agus á scaipeadh acu, ba cheart do na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Eorpacha, agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis ábhartha eile, aird a thabhairt ar na prionsabail a leagtar amach i gCód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh, arna athbhreithniú agus arna nuashonrú ag an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach an 16 Samhain 2017.
- (11) Ba cheart breisluach an Aontais a chur san áireamh i scéimeanna píolótacha, na coinníollacha a bhunú chun bailiúcháin nua sonraí a thabhairt isteach faoi raon feidhme an Rialacháin seo, indéantacht agus cáilíocht an staidrimh a mheas, lena n-áirítear a inchomparáideacht trastíre mar aon leis na costais a bhaineann leis na bailiúcháin ghaolmhara sonraí. Sula seolfar gach scéim phíolótach faoi leith, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na foinsí riaracháin ábhartha ar leibhéal an Aontais agus féachaint an bhféadfaí an staidreamh ábhartha a bhunú ar na foinsí sin. Ba cheart, mar thosaíocht, líon na n-iarratas agus líon na n-iarratas diúltaithe ar cheadanna cónaithe céaduaire a scrúdú.

Ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, measúnú a dhéanamh ar thorthaí na staidéar píolótach agus ba cheart na torthaí sin a bheith ar fáil go poiblí. Níor cheart don Choimisiún smaoineamh ar bhailiúcháin nua sonraí a thabhairt isteach sna Ballstáit ach sa chás ina mbeidh torthaí dearfacha ar na staidéir píolótacha. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.

⁴ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39-98).

(11a) Faoi raon feidhme an Rialacháin seo, tá sé ríthábhachtach an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann cheana agus as na sonraí a bailíodh cheana. Chuige sin, ba cheart féachaint an bhféadfaí foinsí arb ann dóibh cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a úsáid don staidreamh oifigiúil, agus féachaint an bhféadfaí tairbhe a bhaint as an gCreat Idirinoibritheachta dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**. Ba cheart go mbeadh cur chun feidhme an choincheapa idir-inoibritheachta ar leibhéal an Aontais ina chuid den mheasúnú sin chun go mbeadh roinnt eagraíochtaí in ann na sonraí céanna a úsáid de réir a riachtanas agus údaruithe féin.

* Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle. (*IO L 135, 22.5.2019, lch. 27*).

** Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse comhair póilíneachta agus comhair breithiúnach, tearmann agus imirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (*IO L 135, 22.5.2019, lch. 85*).

- (11b) Faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) féachaint lena háirithiú go gcomhordófaí na bailiúcháin sonraí atá á n-úsáid leis na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus chuige sin, ba cheart comhaontuithe comhair a thabhairt i gcrích idir an Coimisiún (Eurostat) agus na gníomhaireachtaí sin faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach.
- (12) Le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, foráiltear do chreat tagartha don staidreamh Eorpach agus ceanglaítear ar na Ballstáit na prionsabail staidrimh agus na critéir cáilíochta a shonraítear sa Rialachán sin a chomhlíonadh. Tá tuarascálacha cáilíochta ríthábhachtach chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a mheasúnú, a fheabhsú agus chun cumarsáid a dhéanamh ina leith. Rinne an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach caighdeán CSE (Córas Staidrimh Eorpach) do Struchtúr na dTuarascálacha Cáilíochta a fhorghníú, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Ba cheart go rannchuideodh an caighdeán CSE sin leis an tuairisciú cáilíochta a dhéantar faoin Rialachán seo a chomhchuíbhíú.
- (13) Ní féidir leis na Ballstáit agus iad ag gníomhú dóibh ina n-aonar cuspóir an Rialacháin seo, eadhon athbhreithniú a dhéanamh agus bailchríoch a chur ar na rialacha comhchoiteanna atá ann cheana le haghaidh staidreamh Eorpach a bhailiú agus a thiomsú maidir leis an imirce agus cosaint idirnáisiúnta, a ghnóthú go leordhóthanach. Seachas sin, ar chúiseanna comhchuíbhithe agus inchomparáideachta, is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán sin thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- (14) Chun cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a bhaint amach, ba cheart dóthain acmhainní airgeadais a leithdháileadh chun staidreamh náisiúnta agus staidreamh de chuid an Aontais, ar ardcháilíocht, maidir le himirce agus cosaint idirnáisiúnta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh.
- (14a) I gcás ina gceanglófaí, le cur chun feidhme an Rialacháin seo, go ndéanfaí modheolaíochtaí nua agus bailiúcháin nua sonraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcóras staidrimh náisiúnta Ballstáit le haghaidh staidreamh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear go mbeadh na Ballstáit rannpháirteach i staidéir phiolótacha agus go ndéanfaí foinsí sonraí agus córais TF a uasghrádú, ba cheart ranníocaíocht airgeadais ón Aontas a sholáthar do Bhallstáit i bhfoirm deontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.
- (15) Ráthaítear leis an Rialachán seo an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe, de réir mar a leagtar amach in Airteagal 7, 8 agus 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ agus Rialachán (AE) 2018/1725 maidir leis na sonraí pearsanta a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

⁵ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith dí-chomhiomlánuithe a shonrú, na rialacha a leagan síos maidir leis na formáidí iomchuí chun sonraí a tharchur, na socruithe praiticiúla a leagan amach do thuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta a leagan amach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (17) I gcás ina mbeadh gá le hoiriúnuithe móra ar chórais náisiúnta staidrimh Ballstáit mar gheall ar an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, i gcásanna lena bhfuil údar cuí agus ar feadh tréimhse theoranta, maoluithe a dheonú do na Ballstáit lena mbaineann. D'fhéadfadh na hoiriúnuithe móra sin teacht chun cinn go háirithe i gcás inarb éigean tráthúlacht a fheabhsú, leagan amach na modhanna bailithe sonraí a oiriúnú, lena n-áirítear rochtain ar fhoinsí riaracháin, nó inarb éigean uirlisí nua a fhorbairt chun sonraí a tháirgeadh.

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (18) Le go mbeadh an faireachán ar chur i bhfeidhm Rialacháin (CE) Uimh. 862/2007 éifeachtach, ba cheart meastóireacht thráthrialta a dhéanamh air. Ba cheart go ndéanadh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar an staidreamh a thiomsaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 862/2007, agus ar a cháilíocht agus a sholáthar tráthúil chun críche tuarascálacha a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart dul i ndlúthchomhairle leis na gníomhaithe uile atá páirteach i mbailiú na sonraí maidir le tearmann agus le húsáideoirí príomha an staidrimh sin.
- (19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 a leasú dá réir sin.
- (19a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.
- * Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).
- (20) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) nósanna imeachta agus próisis riaracháin agus bhreithiúnacha sna Ballstáit a bhaineann le hinimirce, deonú ceada cónaithe, saoránacht, tearmann agus cineálacha eile cosanta idirnáisiúnta, teacht isteach neamhdhleathach, fanacht agus fillteacha.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) ‘ciallaíonn ‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’ iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar a shainítear in Airteagal 2(h) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).’;

(b) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (k):

‘(k) ciallaíonn ‘stádas dídeanaí’ stádas dídeanaí mar a shainítear in Airteagal 2(e) de Threoir 2011/95/AE é’;

(c) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (l):

‘(l) ciallaíonn ‘stádas cosanta coimhdí’ stádas cosanta coimhdí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(g) de Threoir 2011/95/AE é;

(d) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (m):

‘(m) ciallaíonn ‘baill teaghlaigh’ baill teaghlaigh mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(g) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).’;

(e) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (o):

‘(o) ciallaíonn ‘mionaoiseach neamhthionlactha’ mionaoiseach neamhthionlactha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2011/95/AE é;’;

(f) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (p):

‘(p) ciallaíonn ‘teorainneacha seachtracha’ teorainneacha seachtracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad*;

* Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).’;

(g) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (q):

‘(q) ciallaíonn ‘náisiúnaigh tríú tír a ndiúltaítear cead isteach dóibh’ náisiúnaigh tríú tír a ndiúltaítear cead isteach dóibh ag an teorainn sheachtrach mar nach gcomhlíonann siad na coinníollacha iontrála uile a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) 2016/399 ná nach mbaineann siad leis na catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 6(5) den Rialachán sin;’;

(h) i mír 1, cuirtear isteach an pointe a leanas:

‘(sa) ciallaíonn ‘baint’ baint mar a shainmhínítear í in Airteagal 3(5) de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhlíthiúil a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).’;

(i) i mír 1, cuirtear isteach an pointe a leanas:

‘(sb) ciallaíonn ‘imeacht deonach’ imeacht deonach mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(8) de Threoir 2008/115/CE;’;

(j) scriostar mír 3;

(3)

(4) Leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a tarraingíodh siar le linn na tréimhse tagartha, arna ndí-chomhiomlánú de réir tarraingt siar intuigthe agus sainráite dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 28 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO L 180, 29.6.2013, lch. 60).’;

(b) cuirtear na pointí a leanas isteach i mír 1:

- ‘(d) líon na ndaoine a chuir isteach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nó a áiríodh in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh i rith na tréimhse tagartha agus a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta á chur isteach acu den chéad uair;
- (e) daoine a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta curtha isteach acu nó atá san áireamh in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh le linn na tréimhse tagartha agus a ndearnadh a n-iarratais a phróiseáil faoin nós imeachta brostaithe dá dtagraítear in Airteagal 31(8) de Threoir 2013/32/AE;
- (f) daoine a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta curtha isteach acu ina dhiaidh sin amhail dá dtagraítear in Airteagal 40 de Threoir 2013/32/AE nó a áiríodh in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh le linn na tréimhse tagartha;

- (j) daoine a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta curtha isteach acu nó atá san áireamh in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh agus a bhain tairbhe as dálaí glactha ábhartha a chuir caighdeán leormhaith maireachtála ar fáil do na hiarratasóirí, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ag deireadh na tréimhse tagartha;

* Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 180, 29.6.2013, lch. 96).’;

- (b) Cuirtear an méid a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 1:

‘Déanfar an staidreamh faoi phointí (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) a dhí-chomhiomlánú de réir aois, inscne agus shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha míosa féilire amháin agus déanfar é a sholáthar don Choimisiún (Eurostat) laistigh de dhá mhí ó dheireadh na míosa tagartha. Eanáir 2021 an chéad mhí tagartha a bheidh i gceist.

Bainfidh an staidreamh faoi phointe (j) le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.

(e) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) daoine a chumhdaítear le cinntí céadchéime, arna ndéanamh ag comhlachtaí riaracháin nó breithiúnacha le linn na tréimhse tagartha, lena ndéantar stádas dídeanaí a dheonú, a chúlghairm nó a fhoirceannadh, nó lena ndiúltaítear dá athnuachan’;

(f) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) daoine a chumhdaítear le cinntí céadchéime, arna ndéanamh ag comhlachtaí riaracháin nó breithiúnacha le linn na tréimhse tagartha, lena ndéantar stádas cosanta coimhdí a dheonú, a chúlghairm, a fhoirceannadh nó lena ndiúltaítear dá athnuachan’;

(g) cuirtear an méid a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 2:

‘Déanfar an staidreamh sin a dhí-chomhiomlánú de réir aois, inscne agus shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha dhá mhí féilire agus déanfar é a sholáthar don Choimisiún (Eurostat) laistigh de dhá mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha. Eanáir go Márta 2021 an chéad tréimhse thagartha a bheidh i gceist.’

(j) i mír 3, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) daoine a chumhdaítear le cinntí críochnaitheacha, arna ndéanamh ag comhlachtaí riaracháin nó breithiúnacha le linn na tréimhse tagartha, lena ndéantar stádas dídeanaí a dheonú, a chúlghairm, a fhoirceannadh, nó lena ndiúltaítear dá athnuachan’;

(k) i mír 3, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) daoine a chumhdaítear le cinntí críochnaitheacha, arna ndéanamh ag comhlachtaí riaracháin nó breithiúnacha le linn na tréimhse tagartha, lena ndéantar stádas cosanta coimhdí a dheonú, a chúlghairm, a fhoirceannadh nó lena ndiúltaítear dá athnuachan’;

(l) cuirtear an méid a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 3:

Déanfar an staidreamh faoi phointí (a), (b), (c), (d), (e), (f) agus (g) a dhí-chomhiomlánú de réir aois, inscne agus shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, agus, seachas pointe (a), de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Ina theannta sin, le haghaidh phointe (g), déanfar staidreamh a dhí-chomhiomlánú de réir thír an chónaithe agus de réir an chineáil cinnidh um thearmann. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar é don Choimisiún (Eurostat) laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.

(m) i mír 4, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) líon na n-aistrithe a rinneadh de bharr na gcinntí dá dtagraítear i bpointe (c) agus pointe (h);’;

(n) i mír 4, cuirtear na pointí a leanas isteach:

‘(f) líon na n-iarrataí athscrúdúcháin le haghaidh iarrthóir tearmainn a thógáil ar ais agus a ghabháil ar láimh;

(g) na forálacha a bhfuil na hiarrataí dá dtagraítear i bpointe (f) bunaithe orthu;

(h) na cinntí a rinneadh mar fhreagairt ar na hiarrataí dá dtagraítear i mír (f).’;

- (o) cuirtear an méid a leanas in ionad na fomhíre deiridh de mhír 4:

‘Déanfar an staidreamh sin a dhí-chomhiomlánú de réir inscne, agus de réir mionaoisigh thionlactha agus mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.’

- (5) Leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) líon na náisiúnach tríú tír ar diúltaíodh cead isteach ar chríoch an Bhallstáit dóibh ag an teorainn sheachtrach, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta;’;

- (aa) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Déanfar an staidreamh faoi phointe (a) a dhí-chomhiomlánú i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/399*.’;

* Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).’;

- (b) cuirtear an méid a leanas in ionad an tríú fomhír de mhír 1:

‘Déanfar an staidreamh faoi phointe (b) a dhí-chomhiomlánú de réir aois agus inscne, shaoránacht na ndaoine lena mbaineann, na bhforas lena ngabháil agus ionad na gabhála.’;

- (6) Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:

- (a) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Soláthróidh na Ballstáit staidreamh don Choimisiún (Eurostat) maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) líon na gceadanna cónaithe a eisíodh do dhaoine ar náisiúnaigh tríú tíortha iad, arna ndí-chomhiomlánú mar a leanas:
- (i) ceadanna a eisíodh i rith na tréimhse tagartha lena ndeonaítear cead cónaithe do dhuine den chéad uair, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead, agus de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;
- (ii) ceadanna a eisíodh i rith na tréimhse tagartha agus a deonaíodh tráth a ndearna duine stádas inimirce nó cúis fanachta a athrú, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead agus de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;
- (iii) ceadanna bailí i ndeireadh na tréimhse tagartha (líon na gceadanna a eisíodh, nár tarraingíodh siar agus nach ndeachaigh in éag), arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar eisíodh an cead, de réir fhad bailíochta an cheada, de réir aoise agus de réir inscne;

- (b) líon na gcónaitheoirí fadtéarma ag deireadh na tréimhse tagartha, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir an chineáil stádais fadtéarma, de réir aoise agus de réir inscne;
- (c) an líon daoine a fuair cead cónaithe fadtéarma le linn na bliana tagartha, arna ndí-chomhiomlánú de réir aoise agus gnéis.’;

(b) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

‘Bainfidh an staidreamh dá dtagraítear i mír 1 le tréimhsí tagartha bliana féilire amháin agus soláthrófar don Choimisiún (Eurostat) é laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Is é 2021 an chéad bhliain tagartha a bheidh i gceist.’

(7) Leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:

(e) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) líon na náisiúnach tríú tír a d'fhág críoch an Bhallstáit, tar éis cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach, dá dtagraítear i bpointe (a), arna ndí-chomhiomlánú de réir shaoránacht na ndaoine a filladh, de réir an chineáil fillte agus an chúnaimh a fuair siad, agus de réir na tíre cinn scríbe;’

(g) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Déanfar an staidreamh dá dtagraítear i mír 1 a dhí-chomhiomlánú de réir aois agus inscne an duine lena mbaineann, agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha. Bainfidh an staidreamh sin le tréimhsí tagartha trí mhí féilire agus déanfar é a sholáthar don Choimisiún (Eurostat) laistigh de dhá mhí ó dheireadh na tréimhse tagartha. Eanáir go Márta 2021 an chéad tréimhse a bheidh i gceist.’

(8) Scriostar Airteagal 8.

(9) leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) cuirtear na míreanna a leanas isteach:

- ‘1a. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cáilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuirfear a áirithiú.
- 1b. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta atá sainmhínithe in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).’;

(b) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún (Eurostat) ar na foinsí sonraí a úsáideadh, i bhfoirm tuarascálacha cáilíochta, na cúiseanna ar roghnaíodh na foinsí sin agus na héifeachtaí a bhí ag na foinsí sonraí a roghnaíodh ar cháilíocht an staidrimh, na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a úsáideadh chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus na modhanna meastacháin a úsáideadh, agus coinneoidh siad an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas maidir le haon athrú a dhéantar orthu.’;

(c) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Arna iarraidh sin don Choimisiún (Eurostat), cuirfidh na Ballstáit soiléiriú breise ar fáil atá riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise staidrimh.’;

(d) cuirtear an mhír a leanas isteach:

‘3a. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na socruithe praiticiúla do na tuarascálacha cáilíochta agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus ní fhorchuirfear ualach ná costas suntasach breise ar na Ballstáit leo.’;

(e) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

- ‘4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas gan mhoill faoi leasuithe agus faoi cheartúcháin ar an staidreamh a chuirtear ar fáil faoin Rialachán seo, faoi aon athrú ar na modhanna agus na foinsí sonraí a úsáidtear agus faoi aon fhaisnéis nó athrú ábhartha i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur.
5. Na bearta a bhaineann le sainiú na bhformáidí is iomchuí chun sonraí a tharchur, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).’;

(4b) Cuirtear isteach na hAirteagail a leanas:

‘Airteagal 9a

Staidéir phíolótacha

1. Agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcomhlíonadh aige agus chun dí-chomhiomlánuithe breise nó nua nó sonraí breise nó nua a thástáil laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, tionscnóidh an Coimisiún (Eurostat) staidéir phíolótacha a chuirfidh na Ballstáit i gcrích ar bhonn deonach.
2. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat), ionadaíochas na staidéar sin ar leibhéal an Aontais a áirithiú. Díreoidh na staidéir sin ar a indéanta atá sé bailiúcháin nua sonraí a dhéanamh, lena n-áirítear infhaighteacht foinsí iomchuí sonraí agus teicnicí táirgthe, an cháilíocht agus an inchomparáideacht staidrimh a bheadh i gceist agus na costais agus an t-ualach a bhainfeadh leis na bailiúcháin ghaolmhara sonraí.

2a. Sula seolfar gach staidéar píolótach ar leith, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) athbhreithniú ar fhoinsí riaracháin ábhartha ar leibhéal an Aontais chun ualach breise ar institiúidí staidrimh náisiúnta agus ar údarais náisiúnta eile a íoslaghdú agus chun úsáid na sonraí atá ann cheana a fheabhsú, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Féachfaidh an t-athbhreithniú an bhféadfaí an staidreamh nua a bhunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil sna foinsí sin agus na coincheapa a chomhchuibhiú i gcás inar féidir. Cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) san áireamh freisin an t-ualach a chruthaítear le staidéir phíolótacha eile atá á ndéanamh, chun líon na staidéar píolótach atá á ndéanamh le linn na tréimhse ama céanna a theorannú.

2b. Bainfidh na staidéir phíolótacha sin leis na hábhair seo a leanas:

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 4(1)

a) daoine a bhfuil iarratas curtha isteach acu ar chosaint idirnáisiúnta nó atá áirithe in iarratas den sórt sin mar bhall teaghlaigh agus:

- i. a bhí díolmhaithe ón gceanglas maidir leis an nós imeachta brostaithe nó leis an nós imeachta teorann nó a ndearnadh a n-iarratas a phróiseáil faoin nós imeachta teorann;
- ii. nár cláraíodh in Eurodac;
- iii. a sholáthair fianaise dhoiciméadach a bheidh ina cabhair i ndáil lena gcéannacht a dheimhniú;
- iv. a bhí faoi choinneáil, arna dhí-chomhiomlánú de réir fhad na coinneála agus de réir na bhforas leis an gcoinneáil; agus a bhí faoi réir cinneadh nó gníomh riaracháin nó breithiúnach lena ndearnadh a gcoinneáil nó malairt eile ar choinneáil a ordú; malairt eile ar choinneáil, arna dhí-chomhiomlánú de réir chineáil na malairte agus de réir na míosa ar eisíodh an cinneadh nó an gníomh sin;

- v. a bhain tairbhe as cúnamh dlíthiúil saor in aisce;
 - v.a. a fuair sochair ábhartha arna sonrú faoi phointe (j), arna dhí-chomhiomlánú de réir aoise, inscne, saoránachta agus de réir mionaoisigh neamhthionlactha, agus gur féidir an staidreamh sin a nascadh le tréimhsí tagartha míosa amháin;
 - vi. a aithníodh ina mionaoisigh neamhthionlactha agus ar ceapadh ionadaí dóibh nó ar cuireadh sa chóras oideachas iad nó a bhfuil rochtain ar an gcóras oideachais deonaithe dóibh;
 - vii. a ndearnadh measúnú aoise orthu, lena n-áirítear torthaí na measúnuithe sin;
- b) meánlín na mionaoiseach neamhthionlactha a chuir isteach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in aghaidh an ionadaí;

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 4(2) agus Airteagal 4(3)

c) daoine ar eisíodh cinntí céadchéime nó cinntí críochnaitheacha ina leith ar cinntí iad a rinneadh ar achomharc nó ar athbhreithniú:

i. do staidreamh a éilítear faoi mhíreanna 2(a) agus 3(b), arna ndí-chomhiomlánú mar seo a leanas:

- cinntí lena meastar iarratais a bheith neamh-inghlactha, de réir na bhforas lena neamh-inghlacthacht;
- cinntí lena ndiúltaítear d'iarratais mar a bheith gan bhunús;
- cinntí lena ndiúltaítear d'iarratais mar a bheith go follasach gan bhunús faoin nós imeachta rialta de réir na bhforas lena ndiúlú;
- cinntí lena ndiúltaítear d'iarratais mar a bheith go follasach gan bhunús faoin nós imeachta brostaithe de réir na bhforas lena ndiúlú agus lena mbrostú;
- cinntí lena ndiúltaítear d'iarratais ar an bhforas go bhfuil an t-iarratasóir incháilithe do chosaint ina tír nó ina tír thionscnaimh;

ii. do staidreamh a éilítear faoi mhíreanna 2(b), 2(c), 3(c) agus 3(d), cinntí maidir le scor nó eisiámh arna ndí-chomhiomlánaithe a thuilleadh de réir an fhorais shonraigh ar a bhfuil an scor nó an t-eisiámh bunaithe;

- d) daoine ar eisíodh cinntí ina leith i ndiaidh dóibh agallamh pearsanta a dhéanamh;
- e) daoine ar eisíodh cinntí céadchéime nó cinntí críochnaitheacha ina leith lena laghdaítear nó lena n-aistarraingítear coinníollacha ábhartha glactha;
- f) fad na n-achomharc;

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 4(4)

- g) arna ndí-chomhiomlánú de réir aoise agus saoránachta;

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 4 ina iomláine

- h) arna ndí-chomhiomlánú de réir na míosa ar cuireadh isteach an t-iarratas;

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 6

- h.a) líon na n-iarratas agus na n-iarratas diúltaithe ar cheadanna cónaithe céaduaire arna ndéanamh ag náisiúnaigh tríú tír le linn na tréimhse tagartha, arna ndí-chomhiomlánú de réir saoránachta, de réir na cúise ar iarradh an cead, de réir aoise agus de réir inscne;
- i) Líon na n-iarratas ar chead cónaithe arna ndiúltú ina n-athraítear stádas imirce nó an chúis le fanacht;
- j) Líon na gceadanna a eisíodh ar chúiseanna teaghlaigh arna ndí-chomhiomlánú de réir chúis a n-eisithe agus de réir stádas urraitheoir an náisiúnaigh tríú tír;

do staidreamh a éilítear faoi Airteagal 7

- k) do staidreamh a éilítear faoi mhír 1(a), arna dhí-chomhiomlánú de réir na gcúiseanna a bhí leis an gcinneadh;
- l) daoine dá dtagraítear i mír 1(a) agus a bhí faoi réir toirmeasc ar iontráil;
- m) Daoine i nósanna imeachta um fhilleadh atá faoi réir ordú coinneála, arna ndí-chomhiomlánú de réir fhad na tréimhse choinneála, nó malartacha ar choinneáil a ordaíodh arna ndí-chomhiomlánú de réir chineál na malairte agus de réir na míosa ar eisíodh an cinneadh sin;
- n) Daoine a fillleadh, arna ndí-chomhiomlánú de réir na tíre cinn scríbe agus de réir chineál an chinnidh nó an ghnímh mar seo a leanas:
 - i. i gcomhréir le comhaontú foirmiúil athiontrála de chuid an Aontais;
 - ii. i gcomhréir le comhaontú neamhfhoirmiúil athiontrála de chuid an Aontais;
 - iii. i gcomhréir le comhaontú náisiúnta athiontrála;

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastóireacht ar thorthaí na staidéar píolótach i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus cuirfear na torthaí sin ar fáil go poiblí. Sa mheastóireacht, tabharfar tuairisc ar bhreisluach na mbailiúchán sonraí píolótach nua a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus beidh measúnú inti ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear an t-ualach ar fhreagróirí agus na costais táirgthe i gcomhréir le Airteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
4. I gcás meastóireacht dhearfach ar na torthaí, féadfaidh an Coimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh chun sonraí nua a bhailiú mar a thagraítear dó i mír 2b. Déanfar na bearta cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).
5. Le gur fusa a bheidh sé na staidéir phíolótacha a chur i gcrích, cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) an maoiniú iomchuí ar fáil do na Ballstáit a dhéanann na staidéir sin i gcomhréir le hAirteagal 9b.
6. Tabharfaidh an Coimisiún (Eurostat) tuairisc dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach dhá bhliain uaidh sin amach faoin dul chun cinn foriomlán i ndáil leis na hábhair a luaitear i mír 2b. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 9a

Maoiniú

1. Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, déanfar ranníocaíocht airgeadais ó bhuiséad ginearálta an Aontais a sholáthar do na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, ar mhaithe leis na nithe seo a leanas:
 - a) modheolaíochtaí nua a fhorbairt maidir le staidreamh faoin Rialachán seo, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mBallstát sna staidéir phiolótacha ionadaíocha dá dtagraítear in Airteagal 9a;
 - b) na bailiúcháin sonraí nua a fhorbairt agus/nó a chur chun feidhme, lena n-áirítear foinsí sonraí agus córais TF a uasghrádú, laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo ar feadh tréimhse suas go dtí cúig bliana.
2. Beidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).’;

(11) Leasaítear Airteagal 10 mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun dí-chomhiomlánuithe a shonrú i gcomhréir le hAirteagal 4, 5, 6 agus 7 agus chun na rialacha a leagan síos maidir leis na formáidí iomchuí le haghaidh sonraí a tharchur dá bhforáiltear in Airteagal 9. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á nglacadh, tabharfaidh an Coimisiún údar cuí leis an ngá atá leis na dí-chomhiomlánuithe sin chun críocha beartais an Aontais maidir le himirce agus tearmainn a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu agus áiritheoidh sé nach bhforchuirfidh na gníomhartha cur chun feidhme sin costais bhreise shuntasacha ná ualach breise suntasach ar na Ballstáit.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2) tráth nach déanaí ná 18 mí roimh dheireadh na tréimhse tagartha maidir leis na sonraí bliantúla agus 6 mhí roimh dheireadh na tréimhse tagartha maidir leis na sonraí fobhliantúla.’;

(b) scriostar mír 2;

(12) leasaítear Airteagal 11 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad an teidil:

Nós imeachta coiste’;

(b) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)’;

(c) Cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.’;

(d) scriostar mír 3;

(13) Cuirtear isteach an t-Airteagal a leanas:

'Airteagal 11a

Maoluithe

1. I gcás ina mbeadh gá le hoiriúnuithe móra agus an Rialachán seo, nó na bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoi, á chur i bhfeidhm i gcóras staidrimh náisiúnta i mBallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ar fhad na tréimhse ama arna hiarraidh ag an mBallstát a dheonú suas go dtí trí bliana ar a mhéad. Áiritheofar go mbeidh sonraí na mBallstát inchomparáide, agus go ríomhfar na comhiomláin ionadaíocha iontaofa Eorpacha a theastaíonn ar bhealach tráthúil agus cuirfear an t-ualach ar na Ballstáit agus na freagróirí san áireamh nuair a bheidh an maolú á dheonú.
2. I gcás ina mbeidh fianaise leordhóthanach ann go bhfuil bonn cirt fós le maolú ag deireadh na tréimhse dár deonaíodh é, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maolú eile a dheonú ina dhiaidh sin ar feadh uastréimhse dhá bhliain.
- 2a. Chun críocha mhír 1 agus 2, cuirfidh an Ballstát iarraidh chuí-réasúnaithe chuig an gCoimisiún laistigh de thrí mhí ón dáta a dtiocfaidh an gníomh lena mbaineann i bhfeidhm, nó laistigh de shé mhí roimh dheireadh na tréimhse dár deonaíodh an maolú atá ann faoi láthair.
3. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag míreanna (1) agus (2) d'Airteagal 4 agus ag pointe (b) de mhír (1) agus mír (2) d'Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ón 1 Márta 2021.

Beidh feidhm ag míreanna (3) agus (4) d'Airteagal 4 agus ag míreanna (1) agus (3) Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ón 1 Iúil 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
